



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 17 Deireadh Fómhair 2016
(OR. en)

13193/16

MAMA 203
CFSP/PESC 811
RELEX 833
SY 7

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Deireadh Fómhair 2016

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 13192/16 MAMA 202 CFSP/PESC 810 RELEX 832 SY 6
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria
- Conclúidí ón gComhairle (17 Deireadh Fómhair 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria a ghlac an Chomhairle ag an 3492ú cruinniú dá cuid, ar an 17 Deireadh Fómhair 2016.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN tSIRIA
An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 17 Deireadh Fómhair 2016

1. Tá uafás an domhain ar an Aontas Eorpach faoin staid atá ag dul in olcas sa tSiria. Tá an foréigean atá ag dul i méid in Aleppo ina chúis fulaingthe as cuimse, do-ghlactha ag na mílte áitritheoir ansin. Ó chuir an réimeas agus a chomhghuaillithe, go háirithe an Rúis, tús leis an ionsaí is léir go bhfuil déine agus scála iomlán díréireach i gceist le haerthuairgneáil Aleppo thoir agus is géarú tubaisteach ar an gcoimhlint é cruinnaimsiú spriocdhírithe ar ospidéal, ar phearsanra míochaine, ar scoileanna agus ar bhonneagair riachtanacha, chomh maith le húsáid buamaí bairille, cnuasbhumaí agus airm cheimiceacha, agus is cúis le taismigh shibhialtacha fhorleathana iad, lena n-áirítear i measc na mban agus na bpáistí, agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcoireanna cogaidh.
2. Tá an phríomhfhreagracht ar réimeas na Siria sibhialtaigh a chosaint. Dá bhrí sin, cáineann an tAontas Eorpach go láidir na hionsaithe atá á ndéanamh ag an réimeas agus a chomhghuaillithe, ar ionsaithe iomarcacha díréireacha iad, idir spriocdhírithe agus neamh-idirdhealaitheach, in éadan daonra sibhialtach, pearsanra daonnúil agus cúraim shláinte, agus bonneagar sibhialtach agus daonnúil agus iarrann sé orthu deireadh láithreach a chur le haerthuairgneáil neamh-idirdhealaitheach. Cáineann an tAontas Eorpach na sáruithe agus mí-úsáidí córasacha, forleathana agus tromchúiseacha ar chearta an duine agus na sáruithe uile ar an dlí idirnáisiúnta atá á ndéanamh ag na páirtithe uile, go háirithe réimeas na Siria agus a chomhghuaillithe. Is sárú glan ar an dlí idirnáisiúnta é an spriocdhíriú ar chonbhua daonnúil na Náisiún Aontaithe ar an 19 Meán Fómhair agus is gá go mbeidh fiosrúchán iomlán mar gheall air. Tá an tAontas Eorpach ag súil le torthaí ó bhord fiosrúcháin inmheánach na Náisiún Aontaithe. Ní mór iad siúd atá freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí mar sin a thabhairt chun cuntais.

3. Sna cúinsí sin atá ag dul in olcas, iarrann an tAontas Eorpach go práinneach an méid a leanas: go gcuirfear deireadh le gach eitilt mhíleata thar chathair Aleppo; go mbeidh sos comhraic láithreach ann ar a ndéanfar faireachán faoi shásra láidir, trédhearcach; go dtógfar gach léigir; go dtabharfaidh gach páirtí rochtain dhaonnúil iomlán, inbhuanaithe gan bhac ar fud na tíre ar fad. Tá na céimeanna seo rithábhachtach chun muintir Aleppo agus muintir i réigiúin eile na tíre a shábháil agus an bóthar a réiteach ionas go bhféadfar filleadh an athuir ar idirphlé inchreidte idir geallsealbhóirí éagsúla na Siria chun sábháilteacht a sholáthar don daonra ar fad sa tSiria. Sa chomhthéacs sin bíonn freagracht speisialta ar ghníomhaithe réigiúnacha go háirithe tíortha comharsanachta.
4. Leanfaidh an tAontas Eorpach le dian-taidhleoireacht dhaonnúil agus féachfaidh sé ar bhealaí chun feabhas a chur ar rochtain agus ar chosaint agus chun prionsabail dhaonnúla a chur chun cinn mar aon le comhthoil áitiúil maidir le treoirlínte le haghaidh cabhrach a sholáthar. Iarrann an tAontas Eorpach ar na páirtithe uile, go háirithe réimeas na Siria, rochtain iomlán gan bhac ar fud na tíre orthu siúd atá i ngátar a cheadú agus deireadh a chur le gach bacainn ar sheachadadh cúnaimh dhaonnúil. Is sárú glan ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta leas a bheith á bhaint, mar oirbheart cogaidh, as an ocras a thabhairt do shaoránaigh trí cheantair a bhfuil daonra mór iontu a chur faoi léigear agus is é an réimeas atá freagrach as sin den chuid is mó agus is sárú ar an dlí sin freisin é daonra a aistriú go héigeantach agus caithfear deireadh a chur leis na sárúithe sin. Tá sé rithábhachtach go mbeidh faoiseamh láithreach ón bhfulaingt. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh daonnúil éigeandála an Aontais Eorpaigh a seoladh ar an 2 Deireadh Fómhair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí NA chun fóirithint dhaonnúil a sholáthar do Aleppo thoir agus réigiúin eile atá faoi léigear agus aslonnú sábháilte na gcásanna míochaine práinneacha a cheadú, agus faireachán a dhéanamh air sin. Impíonn sí ar réimeas na Siria údarú a thabhairt gan mhoill maidir le conbhuananna daonnúla traslíne a sheachadadh, lena n-áirítear chuig Aleppo Thoir. Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an Grúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don tSiria (ISSG) agus a thascfhórsa daonnúil chun torthaí a bhaint amach ar an láthair agus fulaingt mhuintir na Siria a laghdú. Iarrann sé ar na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an gcoinbhleacht sibhialtaigh a chosaint, lena n-áirítear struchtúir agus pearsanra daonnúla agus míochaine i ngach réigiún sa tír agus cabhrú le hobair NA agus gníomhaíochtaí daonnúla eile ar an láthair chun cúnamh rithábhachtach a sholáthar láithreach bonn do na daoine is leochailí, go háirithe na mná agus na páistí, agus daoine gortaithe agus breoite a aslonnú.

5. Creideann an tAontas Eorpach go daingean nach le fórsa míleata a réiteofar an choinbhleacht. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas d'aontacht, do cheannasacht, do neamhspleáchas agus d'iomláine chríochach Stát na Siria. Ag meabhrú di a Conclúidí ón 23 Bealtaine 2016, glacann an tAontas ról gníomhach in ISSG agus ina chuid tascfhórsaí agus tacaíonn sé go hiomlán le hiarrachtaí Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe de Mistura dálaí a chruthú lena bhféadfar filleadh in athuair ar idirphlé idir geallsealbhóirí éagsúla na Siria, agus an moladh atá aige d'Aleppo Thoir á thabhairt ar aird. Aithníonn an tAontas na hiarrachtaí atá déanta chun an sos comhraic a athbhunú agus is oth leis nár éirigh leo go dtí seo agus molann sé go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí leis an sos comhraic sin a bhaint amach. Is olc leis an Aontas cros na Rúise ar an 8 Deireadh Fómhair maidir leis an Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an sos comhraic a athbhunú agus rochtain dhaonnúil a cheadú in Aleppo, rud ar chuidigh Ballstáit uile an Aontais leis. Ní fhéadfar tuilleadh moille a chur ar shos comhraic athnuaite lena gcumasófaí iarrachtaí chun teacht ar réiteach polaitiúil i gcomhréir le forálacha Rún 2254 agus Rún 2268 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Communiqué na Ginéive ón 30 Meitheamh 2012, chun go mbeidh na comhpháirtithe uile in ann dul i mbun caibidlíochta in athuair d'fhonn fíorathrú polaitiúil a bhaint amach. Ní mór a chur san áireamh le hathrú den chineál sin go mbeidh comhlacht idirthréimhseach rialaithe ann le sainordú leathan agus cumhachtaí iomlána feidhmiúcháin a bhunófar ar bhonn comhthola. Leanfaidh an tAontas den tacaíocht a thugann sé d'iarrachtaí fhreasúra na Siria agus go háirithe Coiste na hArdchaibidlíochta (HNC) mar thoscaireacht an fhreasúra sna cainteanna atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tArdrúnaí tiomanta do thuilleadh plé le freasúra na Siria agus leis an tsochaí shibhialta. Iarrann an tAontas ar réimeas na Siria arís a chur in iúl an bealach a gcuirfear an fíorathrú polaitiúil chun feidhme. Ní féidir síocháin bhuan a bheith sa tSiria faoin gceannaireacht atá ann faoi láthair ná ní bheidh go dtí go dtabharfar aghaidh ar na casaoidí dlisteanacha agus ar na hardmhianta dlisteanacha atá ag sochaí na Siria. Ní bheidh an tAontas in ann cabhrú le hathchóiriú na tíre go díreach ná le heagraíochtaí idirnáisiúnta go dtí go mbeidh athrú cuimsitheach polaitiúil ann, cuspóir AE lena gcuirfear ar chumas na milliúin Siriach arbh éigean dóibh teitheadh óna mbaile filleadh arís ar an mbaile agus a saol a chaitheamh faoi shíocháin agus go slán sábhailte ina gcríocha féin. Is díol sásaimh don Chomhairle comhar seasmhach an Ardrúnaí leis na Náisiún Aontaithe agus a tacaíocht le hiarrachtaí Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe de Mistura chomh maith lena for-rochtain fhorleathan leis na gníomhaithe príomha d'fhonn an bealach a réiteach chun go gcuirfear tús arís le próiseas polaitiúil cuimsitheach, á stiúradh ag an tSiria faoi choimirce NA, agus iarrann sí ar an Ardrúnaí tuarascáil a chur faoina bráid agus gníomhaíocht bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh a mholadh. Tugann an Chomhairle dá haire tiomantas an Ardrúnaí agus an Choimisiún tógáil ar iarrachtaí reatha an Aontais ó thús na coinbhleachta, lena n-áirítear cabhair dhaonnúil, fóirithint agus cúnamh aisghabhála mar a luaitear i Straitéis Réigiúnach an Aontais.

6. Iarrann an Chomhairle ar an Rúis, lena n-áirítear mar chomh-chathaoirleach ar ISSG, na hiarrachtaí uile a léiriú chun deireadh a chur le buamáil neamh-idirdhealaitheach ó réimeas na Siria, chun sos comhraic a athbhunú, chun rochtain dhaonnúil a áirithiú láithreach agus ar bhonn níos leithे agus chun na dálaí a chruthú le haghaidh athrú polaitiúil a bheidh creidiúnach agus cuimsitheach agus an méid sin a léiriú i mbeartais mar aon le gníomhaíochtaí.
7. Cáineann an tAontas le hiomlán a dhíchill úsáid dheimhnithe arm ceimiceach (mar atá mionsonraithe i dtuarascáil JIM) agus na hionsaithe forleathana ar shibhialtaigh agus na sárúithe ar chearta an duine atá déanta ag réimeas na Siria agus ag Da'esh. Ní mór do OPCW agus CSNA gníomh láidir a dhéanamh i bhfianaise thorthaí na tuarascála ó JIM. Ní mór iad siúd uile atá freagrach as sárúithe ar an dlí idirnáisiúnta den chineál sin, go háirithe sárúithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar dhlí chearta an duine, cuid acu a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh i gcoinne an chine dhaonna, a thabhairt chun cuntais os comhair an dlí, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann na coireanna i gcoinne mionlaigh agus grúpaí eile creidimh agus eitneacha. Tá sé do-ghlactha go mbeadh na daoine a dhéanadh na coireanna sin saor ó phionós agus mar sin, leanfaidh an tAontas de thacú leis na hiarrachtaí fianaise a bhailiú le haghaidh gníomhaíocht dhlíthiúil sa todhchaí. Meabhraíonn an tAontas go gcreideann sé go dlúth gur cheart cás na Siria a tharchur chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus iarrann sí arís ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe gníomhú i ndáil leis sin. Féachfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát an bhféadfar gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh, inter alia trí Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, gníomhóidh an tAontas go mear, i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe, agus é mar aidhm aige tuilleadh bearta sriantacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na Siria lena ndírítear ar dhaoine aonair agus ar eintitis a thacaíonn leis an réimeas fad is a mhairfidh an chos ar bolg.
8. Cáineann an tAontas Eorpach go láidir na gníomhaíochtaí uafásacha atá déanta ag Da'esh agus ag grúpaí eile sceimhlitheoireachta atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas láidir iad a chomhrac. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí na Comhghuaillíochta Domhanda i gcónaí maidir le Da'esh a chomhrac sa tSiria agus san Iaráic. Is bagairt iad Da'esh agus eagraíochtaí eile sceimhlitheoireachta atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe do thodhchaí na Siria agus do leasanna agus luachanna an Aontais. Iarrann an tAontas go gcuirfear cosc ar ábhair agus ar thacaíocht airgeadais teacht fad le daoine aonair, le grúpaí, le gnóthais agus le heintitis a bhfuil baint acu leis na grúpaí sceimhlitheoireachta atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe agus go ndéanfaí aon chomhpháirtí a ghabhfadh i gcomhar leo a athchomhairliú. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí idirdheighilt ghasta idir na comhraiceoirí uile nach bhfuil ainmnithe mar eintitis sceimhlitheoireachta, ó na cinn sin atá ainmnithe amhlaidh. Is le réiteach polaitiúil amháin a chloífead Da'esh agus eagraíochtaí eile sceimhlitheoireachta atá ainmnithe ag na Náisiún Aontaithe.